



AN BILLE UM AN OCHTÚ LEASÚ IS FICHE AR AN mBUNREACTH (CONRADH LIOSPÓIN) 2009

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Críoch an Bhille

Tá gá leis an mBille um an Ochtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2009 chun a chumasú don Stát an *Conradh ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh* a dhaingniú. Tugtar Conradh Liospóin ar an gConradh seo freisin.

Mar a chuirtear in iúl sa teideal, déantar le Conradh Liospóin an dá chonradh ar a bhfuil an tAontas bunaithe a leasú. Coinníonn an Conradh ar an Aontas Eorpach (CAE) a ainm. Os a choinne sin, déantar an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a athainmniú mar an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Tá mar aidhm le Conradh Liospóin foráil a dhéanamh maidir le feidhmiú níos éifeachtaí Aontais Eorpaigh atá tar éis fás ó shé Bhallstát go 27 mBallstát. D'eascair an Conradh as próiseas athchóirithe ar cuireadh tús leis tríd an Dearbhú ó Chinn Stáit nó Rialtais an Aontais Eorpaigh i Nollaig 2001 inar cuireadh béim ar an ngá atá ann go mbeidh an tAontas níos dlúithe lena shaoránaigh agus go bhfreagródh sé níos mó dá gcuid riachtanas agus ionchas. Tugadh an próiseas seo chun críche i Nollaig 2007, nuair a shínigh na 27 mBallstát Conradh Liospóin.

Chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, ní mór do gach Ballstát AE Conradh Liospóin a dhaingniú. Is é an 1 Samhain 2009 an spriocdháta chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Chun go ndaingneoidh Éire é ní mór an Bunreacht a leasú, agus is gá reifreann chuige sin. Is í Éire an t-aon Bhallstát amháin ina gcaitear reifreann a sheoladh ionas gur féidir an Conradh a dhaingniú.

Go dtí seo, tá a nósanna imeachta daingnithe curtha i gcrích ag gach Ballstát seachas ceithre cinn (an Ghearmáin, Poblacht na Seice, an Pholainn agus Éire). Tá an Conradh daingnithe ag parlaimintí náisiúnta na dtrí Bhallstát eile.

I measc phríomhghnéithe an Chonartha tá:

- an ról feabhsaithe do pharlaimintí náisiúnta;
- an ról feabhsaithe do Pharlaimint na hEorpa trí mhéadú a dhéanamh ar na réimsí ina roinnfidh sí an cúram maidir le dlíthe a dhéanamh le Comhairle na nAirí;

- an ceart comhionann ag gach Ballstát chun Coimisinéirí a ainmniú;
- an tionscnamh ó na saoránaigh, ina mbeidh guth níos díri ag saoránaigh den Aontas maidir le nithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach;
- déantar cairt atá ceangailteach ó thaobh dlí ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit le linn dóibh dlí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm den Chairt um Chearta Bunúsacha;
- tagairt a sholáthar den chéad uair d'athrú aeráide a chomhrac;
- an córas vótála tromlaigh dhúbailte i gComhairle na nAirí;
- vótáil d'aon ghuth i gComhairle na nAirí a choimeád i réimsí beartais mar chánachas agus cosaint; agus
- ceapadh Ard-Ionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus do Bheartas Slándála, a mbeidh sé de fhreagracht air nó uirthi glór níos soiléire a thabhairt don Aontas i ngnóthaí idirnáisiúnta.

Tar éis chinneadh an phobail i Meitheamh na bliana seo caite gan Conradh Liospóin a dhaingniú, fuair an Rialtas comhaontú i bprionsabal ó Bhallstáit eile AE i Nollaig 2008 maidir le roinnt ráthaíochtaí agus urrús chun freastal ar ábhair bhuartha an phobail. Críochnaíodh iad seo sa Chomhairle Eorpach i Meitheamh 2009.

Is éard atá iontu:

- comhaontú go gcoinneoidh gach Ballstát an ceart chun Coimisinéir a ainmniú má chuirtear Conradh Liospóin i bhfeidhm;
- ráthaíochtaí dlíthiúla maidir leis an gceart chun beatha, leis an teaghlach agus le hoideachas, le cánachas agus le slándáil agus cosaint; agus
- daingniú ar an tábhacht mhór a leagann an tAontas ar chearta oibrithe agus beartas sóisialta.

Ar an mbonn seo, d'aontaigh an Rialtas an ní a chur faoi bhráid an phobail níos déanaí i mbliana.

Ábhar an Bhille

Déantar foráil leis an mBille maidir le cuid d'fho-alt 3^o mar atá sé faoi láthair a scriosadh, agus fo-alt 4^o, 5^o, 6^o, 7^o, 8^o, 9^o, 10^o agus 11^o d'Airteagal 29.4 den Bhunreacht mar atá siad faoi láthair a scriosadh ina n-iomláine. Déanfar, tríd an méid a bheartaítear a scriosadh as fo-alt 3^o go 8^o, forálacha a bhaint as an mBunreacht, ar forálacha iad a thiocfaidh chun bheith tite as feidhm má thagann Conradh Liospóin i bhfeidhm.

Baineann na forálacha atá le scriosadh as fo-alt 3^o le comhaltas den Chomhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, comhaltas de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, agus leis an Ionstraim Eorpach Aonair.

Baineann fo-alt láithreach 4^o le Conradh Maastricht a dhaingniú.

Baineann fo-alt láithreach 5^o le Conradh Amstardam a dhaingniú.

Ceadaítear le fo-alt láithreach 6° roghnuithe agus roghanna áirithe i gConradh Amstardam a fheidhmiú.

Baineann fo-alt láithreach 7° le Conradh Nice a dhaingniú.

Ceadaítear le fo-alt láithreach 8° roghnuithe agus roghanna áirithe i gConradh Nice a fheidhmiú.

Toirmisctear ar an Stát le fo-alt láithreach 9° cinneadh arna dhéanamh ag an gComhairle Eorpach chun comhchosaint a bhunú faoi Chonradh Nice a ghlacadh. Déantar an toirmeasc sin a thabhairt ar aghaidh le fo-alt nua 9°.

Déantar, le fo-alt láithreach 10°, comhréireacht dhlíthiúil a chinntiú idir na conarthaí agus Bunreacht na hÉireann agus cosaint bhunreachtúil a thabhairt do dhlíthe, do ghníomhartha agus do bhearta arna ndéanamh “de bhíthin riachtanais na n-oibleagáidí” mar chomhalta den Aontas Eorpach agus de na Comhphobail Eorpacha. Déantar, le fo-alt nua 6°, an chosaint bhunreachtúil sin a thabhairt ar aghaidh.

Baineann fo-alt láithreach 11° le Coinbhinsiún Paitinní Lucsamburg, a aontaíodh sa bhliain 1989 ach nár tháinig i bhfeidhm.

Cuirtear fo-ailt nua 4°, 5°, 6°, 7°, 8° agus 9° isteach, leis an mBille seo, in Airteagal 29.4.

Meabhraítear i bhfo-alt nua 4° na prionsabail a spreag Éire chun bheith ina comhalta den Aontas agus daingnítear tiomantas na hÉireann páirt a ghlacadh in Aontas Eorpach ina mbíonn na Ballstáit ag obair le chéile chun síocháin, comhluachanna agus leas a bpobal a chur chun cinn.

Le fo-alt nua 5° cheadófaí don Stát Conradh Liospóin a dhaingniú agus a bheith ina chomhalta den Aontas Eorpach arna bhunú leis an gConradh sin.

Dhéanfaí, le fo-alt nua 6°, atá múnlaith ar Airteagal láithreach 29.4.10° agus atá i bhfeidhm go bunúsach ón tráth a tharla aontachas na hÉireann leis na Comhphobail Eorpacha i 1973, comhréireacht dhlíthiúil idir dlí an Aontais Eorpaigh agus Bunreacht na hÉireann a chinntiú, agus thabharfadh sé ar aghaidh cosaint bhunreachtúil do dhlíthe, do ghníomhartha agus do bhearta arna ndéanamh “de bhíthin riachtanais na n-oibleagáidí” mar chomhalta den Aontas Eorpach, cibé acu roimh theacht i bhfeidhm do Chonradh Liospóin nó dá éis sin.

Déantar foráil, le fo-alt nua 7°, maidir leis an Stát do bhaint leas as roghnuithe agus roghanna áirithe faoin gConradh, faoi réir ceadú roimh ré ó dhá Theach an Oireachtais. Cinntítear leis an bhfo-alt sin go gceanglaítear ceadú a fháil roimh ré ó dhá Theach an Oireachtais chun na roghnuithe agus na roghanna dá dtagraítear san fho-alt sin a fheidhmiú. Is iad seo a leanas na roghnuithe agus na roghanna:

- Cinneadh chun bheith páirteach “i gcomhar feabhsaithe” dá bhforáiltear le hAirteagal 20 CAE. Ceadaíonn comhar feabhsaithe do ghrúpa naoi mBallstát nó níos mó roghnú comhoibriú ar ní sonrach i réimsí ina bhfuil inniúlacht neamheisiatach ag an Aontas. Ní ceadmhach inniúlacht an Aontais a leathnú trí chomhar feabhsaithe.

— Gníomhaíocht a dhéanfar sa réimse “Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais” (LSSC) atá cuimsithe le Prótacal Uimh. 19 ar *acquis* Schengen (corpas rialacha agus comhaontuithe a bhaineann le seiceálacha ag na comhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile), nó le Prótacal Uimh. 21, lena ndéantar foráil maidir le páirteachas na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe in LSSC ar bhonn roghnach amháin. Is iad seo a leanas na forálacha sin:

- Forálacha ginearálta maidir le comhar sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (Airteagail 67-76 CFAE);
- Beartais maidir le seiceálacha ag na teorainneacha, maidir le tearmann agus le hinimirce (Airteagail 77-80 CFAE);
- Comhar breithiúnach i gcúrsaí sibhialta (Airteagal 81 CFAE);
- Comhar breithiúnach i gcúrsaí coiriúla (Airteagail 82-86 CFAE);
- Comhar póilíneachta (Airteagail 87-89 CFAE).

Déantar foráil shonrach le fo-alt 7^o maidir leis an bhféidearthacht a bheith ann tarraingt siar, go hiomlán nó go páirteach, as an diúltú dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais. Cheanglófaí ceadú a fháil roimh ré ó dhá Theach an Oireachtais chun aon tarraingt siar den sórt sin a dhéanamh.

Sonraítear i bhfo-alt nua 8^o gur choinníoll é ceadú a fháil roimh ré ó Thithe an Oireachtais chun gníomh a dhéanamh faoi líon beag Airteagal eile. Déantar foráil ar an tslí sin maidir le ról feabhsaithe le haghaidh Thithe an Oireachtais i leith na saincheisteanna iomchuí.

Tagraítear i míreanna (i) agus (ii) d’fho-alt 8^o do chás ina bhféachfadh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di d’aon toil, leis an bpróiseas trína ndéantar cinntí a athrú i réimsí áirithe atá mínithe sa Chonradh. Is é seo an sásra “passerelle”, mar a thugtar air. Is féidir é a chur chun feidhme sna réimsí seo a leanas, faoi réir ceadú a fháil ó dhá Theach an Oireachtais:

- (a) vótáil tromlaigh cháilithe nó an gnáthnós imeachta reachtach a ghlacadh, faoi réir ceart crosta a bheith ag gach parlaimint náisiúnta. (Tugtar an “passerelle ginearálta” freisin ar an bhforáil seo, agus tá sé ar fáil in Airteagal 48(7) CAE);
- (b) an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála, ach ní i gcás “cinntí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu” (Airteagal 31(3) CAE);
- (c) comhar breithiúnach maidir leis an dlí teaghlaigh (Airteagal 81(3) CFAE);
- (d) beartas sóisialta (an dlí fostaíochta) (Airteagal 153(2) CFAE);
- (e) bearta fioscacha a bhaineann leis an gcomhshaol (Airteagal 192(2) CFAE);
- (f) an creat airgeadais ilbhliantúil a ghlacadh (Airteagal 312(2) CFAE); agus
- (g) comhar feabhsaithe (Airteagal 333 CFAE).

Baineann mír (iii) d'fho-alt 8° le cinntí áirithe sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais. Is iad seo iad:

- Raon an chomhair bhreithiúnaigh a leathnú maidir le gnéithe den nós imeachta coiriúil i réimsí sonracha a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo agus atá aitheanta ag an gComhairle roimh ré, seachas na gnéithe sin a thuairiscítear i míreanna (a)-(c) d'Airteagal 82.2 CFAE (fomhír (d) d'Airteagal 82.2 CFAE);
- Réimsí a aithint ina bhfuil coireacht atá thar a bheith tromchúiseach agus a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi de bhreis ar na réimsí sin atá aitheanta sa dara fomhír in Airteagal 83.1 CFAE (an tríú fomhír d'Airteagal 83.1 CFAE);
- Ionchúisitheoir Poiblí Eorpach (IPE) a bhunú a phléifidh le coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais faoi Airteagal 86.1 CFAE nó ról IPE a leathnú ionas go n-áireofar ann coireacht thromchúiseach a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi faoi Airteagal 86.4 CFAE (míreanna 1 agus 4 d'Airteagal 86 CFAE).

Trí na forálacha sin a liostú i mír (iii), chinnteofaí leis an Leasú, i leith na bhforálacha íogara seo, go mairfeadh an ceanglas maidir le ceadú a fháil roimh ré ó dhá Theach an Oireachtais tar éis aon chinneadh a d'fhéadfaí a dhéanamh san am atá le teacht maidir le tarraingt siar, go hiomlán nó go páirteach, as an diúltú dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais.

Tá an toirmeasc ar pháirteachas na hÉireann i gcomhchosaint de chuid AE tugtha ar aghaidh i bhfo-alt nua 9°, tar éis an mhodhnaithe a rinneadh le Conradh Liospóin ar an bhforáil láithreach de Chonradh AE, a tugadh isteach le Conradh Nice, maidir leis an bhféidearthacht i leith comhchosaint de chuid AE a fhorbairt.

An Roinn Gnóthaí Eachtracha,
Iúil 2009